**01_02.mp3**

**Téipscript** **Bileog 1.2**

| | |
|---|---|
| Colm: | Hi, a Mháire, gabh i leith anseo! |
| Máire: | Colm, cad é mar atá tú? |
| Colm: | Go hiontach. Seo Jan, cara liom. |
| Máire: | Cad é mar atá tú, a Jan? |
| Jan: | Dia dhuit. Tá mé go maith agus tú féin? |
| Máire: | Go breá. |

| | |
|---|---|
| Máire: | Cé as duit, a Jan? |
| Jan: | An Ghearmáin, as Berlin. |
| Máire: | Go maith. Tá drochlá ann! |
| Jan: | Tá. Tá sé fuar agus fliuch. |
| Máire: | Tá cinnte. |

**01_04.mp3**

**Téipscript** **Bileog 1.4**

| | |
|---|---|
| Cormac: | A Mháire, cad é mar atá tú, a chroí? |
| Máire: | Ceart go leor! Tá tú mall! |
| Cormac: | Ó, a Mháire, tá brón orm a bheith mall ach bhí an trácht go dona ag fágáil Dhoire dom. Ansin bhuail mé le cara liom i Leitir Ceanainn. D'ól muid pionta sa teach tábhairne An Turas Fada. Ach tá mé anseo anois. |
| Máire: | Tá tú cúig uair a chloig mall! |
| Cormac: | Tá. Tá mé buartha. Chaill mé an bus ansin i Leitir Ceanainn agus d'ith mé béile le cailín a bhí ar scoil liom ansin. |

**01_07.mp3**

**Téipscript** **Bileog 1.7**

| | |
|---|---|
| Máire: | A Áine, seo Jan, ar bhuail tú leis roimhe? |
| Áine: | Dia dhuit, a Jan. Bhuail. Bhuail mé leat ag cóisir Sheáin an tseachtain seo caite. Cén chaoi a bhfuil tú? |
| Jan: | Tá mé go maith, go raibh maith agat. An tusa deirfiúr Liam? |
| Áine: | Is mé. An bhfuil aithne agat ar Liam? |
| Jan: | Tá. Tá aithne mhaith agam air. Bhí muid inár gcónaí le chéile i mBerlin ar feadh trí bliana. Tá an saol an-bheag! |
| Máire: | Tá cinnte! |

© Ollscoil Mhá Nuad

**01_14.mp3**

**Téipscript** **Bileog 1.14**

Seán: A Mháire, ar mhaith leat deoch?
Máire: Níor mhaith a Sheáin, caithfidh mé imeacht.
Seán: Is mór an trua é sin.
Máire: Is mór, ach tá orm éirí go luath. Caithfidh mé scrúdú a dhéanamh ar maidin.

© Ollscoil Mhá Nuad